An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

Tuarascáil ar dhul chun cinn: Iúil 2013 – Meán Fómhair 2014

Roinn an Taoisigh

Cur i bhFeidhm na Straitéise

Tá an Taoiseach ina chathaoirleach i gcónaí ar an gCoiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht a dhéanann maoirseacht, i gcomhar leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ar chur i bhfeidhm na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge* ar fud Ranna Rialtais ábhartha. Tháinig an Coiste le chéile 3 huaire le linn 2013 agus dhá uair go dtí seo i mbliana.

Maolú na Gaeilge san Aontas Eorpach

Tá an Roinn, i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, i mbun plé le páirtithe leasmhara éagsúla, institiúidí an AE ina measc, chun moltaí sonracha a cheapadh maidir leis an gcur chuige is fearr don todhchaí i leith maolú na Gaeilge in institiúidí an AE.

Bearta le haghaidh na Gaeilge sa tSeirbhís Phoiblí

Cé nach bhfuil poist shonracha ina bhfuil líofacht sa Ghaeilge de dhíth sainaitheanta ag an Roinn go dtí seo, aithníonn an Roinn go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh líon áirithe foirne sa Roinn atá líofa sa teanga agus in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. I gcomhréir le beartas an Rialtais, aithneofar i scéimeanna teanga de chuid na Roinne amach anseo faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla na poist lena mbaineann riachtanas inniúlachta sa Ghaeilge.